Bliain **6** & Bliain **7**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Cliste le hAirgead
Aonad Téamach

Clár

Faoin Aonad Téamach seo 1

Rannán 01
Cá hAs a dTagann Airgead?

Gníomhaíocht a hAon	Foinsí Airgid	5
Gníomhaíocht a Dó	Cur Amú Airgead Scoile	6
Gníomhaíocht a Trí	Mise agus Airgead	7
Gníomhaíocht a Ceathair	Buiséadú sa Seomra Ranga	8
Gníomhaíocht a Cúig	An Turas Scoile Saor in Aisce	9
Gníomhaíocht a Sé	Gluais d'Fhocail Airgeadais	10

Rannán 02
Cad é Mar a Thig Linn Cuidiú Linn Féin agus le Daoine Eile a Bheith Níos Freagraí le hAirgead?

Gníomhaíocht a Seacht	Ag Bainistiú do Chuid Airgid	13
Gníomhaíocht a hOcht	Leideanna le hAirgead a Shábháil	14
Gníomhaíocht a Naoi	Feachtas le Bheith Cliste le hAirgead	15
Tionscadal Sínte	Gníomhaíocht Roghnach: Dialann Airgid	16
	Gníomhaíocht Roghnach: An Fiú Airgead a Shábháil?	17
	Deis Taispeántais sa Seomra Ranga: Gealltanais Airgid	17

Rannán 03
Cad é Mar a Thig Linn a Thuilleadh a Fhoghlaim Faoi Airgead?

Gníomhaíocht a Deich	Sa Bhaile nó As Baile – Praghsanna a Chur i gComparáid Lena Chéile	21
Gníomhaíocht a hAon Déag	Praghsanna san Am atá Thart a Chur i gComparáid Lena Chéile	22
Gníomhaíocht a Dó Dhéag	Capall an tSaoil an tAirgead	23
Gníomhaíocht a Trí Déag	Céad Chéim i dTreo Airgeadra	24
Gníomhaíocht a Ceathair Déag	Airgeadraí a Chur i gComparáid Lena Chéile	25
	Gníomhaíocht Roghnach: Do Nóta Bainc Féin a Dhearadh	26

Deiseanna ar Fhoghlaim Bhreise 27

Áiseanna 29

Admhálacha

Is mian le CCEA aitheantas a thabhairt d'fhoireann Black Mountain Primary School as íomhánna a gcuid daltaí a sholáthar.

Faoin Aonad Téamach Seo

Tá an tAonad Téamach seo ceangailte le *Riachtanais agus Teastálacha*, SFN le haghaidh Bliain 6/7. San aonad seo, cuirfear ar chumas páistí dearcthaí deimhneacha a chothú maidir le cinnteoireacht airgeadais.

Beidh páistí ag foghlaim faoi chinnteoireacht airgeadais agus ag machnamh ar an dóigh le hairgead a chaitheamh. Foghlaimeoidh páistí gur féidir áiseanna a dháileadh ar dhóigheanna éagsúla agus go mbaineann iarmhairtí aonair, sóisialta agus timpeallachta leis an chinnteoireacht seo. Beidh deis ag páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 2 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa timpeallacht.
Croíghné	*Eolach ar Chúrsaí Eacnamaíochta*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Díríonn an tAonad Téamach seo ar **Bhainistiú Eolais**. Beidh deiseanna ag páistí: • *Sonraí Faisnéise a rangú, a chur i gcomparáid lena chéile agus a mheas;* • *Modhanna a fhorbairt le sonraí faisnéise a chomhordú agus a thaifeadadh; agus* • *Ceisteanna níos doimhne agus níos leithne a chur le tasc a shoiléiriú.* Beidh deiseanna ag páistí fosta na scileanna i *Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht* agus i *Ag Obair le Daoine Eile* a fhorbairt.
Scileanna Traschuraclaim	Tarraingítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC]
An Fhoghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: • Mhatamaitic agus Uimhearthacht; • Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; • Na hEalaíona; agus • An Domhan Thart Orainn.
Aidhm	Is iad aidhmeanna an Aonaid Théamaigh seo páistí a spreagadh le: • Scileanna cinnteoireachta airgeadais a fhorbairt agus a bheith níos freagraí i gcúrsaí airgeadais; • A smaointeoireacht a fhorbairt trí réimse dúshlán fadhbréitigh agus cinnteoireachta a nascann a dtaithí féin leis an domhan mór; • Eolas, tuiscint agus scileanna airgeadais a chur i bhfeidhm i réimse comhthéacsanna; agus • Tuiscint a bheith acu ar an dóigh a dtig le cinntí airgeadais dul i bhfeidhm ní hamháin orthu féin ach ar a bpobal scoile agus ar a dteaghlach.

Faoi Ábaltacht Airgeadais (Oideachas Airgeadais)

Díríonn an tAonad Téamach seo ar ábaltacht airgeadais páistí a fhorbairt. Tá 3 ghné chomhcheangailte agus chomhthacaíochta i gceist le hábaltacht airgeadais:

Eolas agus Tuiscint Airgeadais-
- Coincheap an airgid a thuiscint.
- Cá has a dtagann sé?
- Cá háit a dtéann sé?

Scileanna agus Inniúlacht Airgeadais-
- Bheith eolach ar an dóigh le hairgead a láimhseáil agus a bhainistiú.
- Cén plean atá againn lenár gcaiteachas a stiúradh?
- Cén dóigh a dtig linn priacal bunúsach agus fáltas bunúsach a mheas?

Freagracht Airgeadais-
- Roghanna pearsanta saoil a dhéanamh agus bheith ag machnamh ar eitic airgid.
- Na roghanna a dhéanaimid, an dtéann siad i bhfeidhm ar dhaoine eile agus, má théann, cén dóigh?

Na gníomhaíochtaí chun ábaltacht airgeadais a fhorbairt, amhail na gníomhaíochtaí a gcuirtear síos orthu anseo, bíonn siad ina leas, ní hamháin do dhaoine eile, ach spreagann siad meon na freagrachta don phobal scoile agus do dhaoine nach iad. Tá Ábaltacht Airgeadais ina cuidiú ag páistí leis na ceangail idir fiontraíocht agus saoránacht a thuiscint.

RANNÁN 01



Cá hAs a dTagann Airgead?

Gníomhaíocht a hAon
Foinsí Airgid

Cuspóirí Molta Foghlama

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- bheith eolach ar cá has a dtagann airgead sa bhaile agus ar scoil (ÚMata)
- bheith eolach ar cad é air a gcaitear airgead ar scoil/sa bhaile (ÚMata); agus
- bheith ábalta sonraí faisnéise a chur in ord tosaíochta (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a fhiosrú cá has a dtagann airgead agus an dóigh a gcaitear é sa bhaile agus ar scoil. Iarr orthu smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cá has a dtagann airgead sa bhaile?
- Cá has a dtagann airgead ar scoil?
- Cén úsáid atá againn le hairgead sa bhaile?
- Cén úsáid atá againn le hairgead ar scoil?

Scríobh gach ceann de na ceisteanna seo ar bhileog smeach-chairte nó ar leathanach A3. Oibríonn na páistí ina ngrúpaí taobh istigh de theorainn ama, ag úsáid **Tiomsúchán Lipéad*** lena bhfreagraí agus a smaointe a scríobh ar cheist amháin. Rothlaítear na leathanaigh ansin mar chuid den chur chuige **Timpeallán***.

Lean an ghníomhaíocht timpealláin seo le seisiún faisnéisithe le smaointe na bpáistí a phlé. B'fhéidir go mbeadh ort aird a tharraingt ar mhórcheisteanna áirithe is féidir nach bhfuil na páistí eolach orthu, mar shampla, sa bhaile tagann airgead ó thuarastal agus ó shochair rialtais amhail sochar linbh; tugann an rialtas 'buiséad' do scoileanna leis an scoil a reáchtáil de réir líon na bpáistí atá sa scoil. Cuir ina luí ar na páistí gur áis theoranta é an t-airgead a chaithfear a rialú go cúramach.

Iarr ar na páistí amharc ar na rudaí ar a gcaithimid airgead agus iad seo a roinnt ina 'riachtanais' agus ina 'teastálacha' agus an liosta a shocrú le cara. Ansin cuireann na páistí na riachtanais agus na teastálacha i rang-ord lena thaispeáint an dóigh a gcuirfeadh siad an caiteachas sa bhaile in ord tosaíochta.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Dó
Cur Amú Airgead Scoile

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith i mbun smaointe agus féidearthachtaí a ghiniúint (SSÁP);
- eolas a chur ar an dóigh a gcuirtear airgead amú ar scoil; agus
- bheith ábalta sonraí faisnéise a chur i rang-ord agus in ord tosaíochta (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Déan dhá leath den rang, le cur amú airgid sa bhaile á phlé ag leath amháin agus cur amú airgid ar scoil ag an leath eile. Iarr ar na páistí a smaointe a roinnt agus **Tonnadóir na nIdéanna*** á úsáid acu.

Ina ngrúpaí, cruthaíonn na daltaí an oiread smaointe agus is féidir ar chur amú airgid (ar scoil nó sa bhaile). Ansin cuireann na grúpaí a smaointe in ord tosaíochta trí na cúig cinn is ábhartha, dar leo, a roghnú nó trí na cúig cinn is mó a chuireann airgead amú a roghnú. Ainmníonn gach grúpa láithreoir a chuireann a dtorthaí agus a gcúig thosaíocht in iúl don leath eile den rang.

Déanann na grúpaí socrú ar an smaoineamh is tábhachtaí, dar leo. Ba chóir gurb é aidhm gach grúpa comhaontú a bhaint amach trí idirbheartaíocht agus trí chás a chosaint. Is féidir smaointe an ranga a chur ar taispeáint sa seomra ranga agus tagairt a dhéanamh dóibh le linn an Aonaid Théamaigh.

Le faisnéis, iarr ar na páistí na comhchosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir na grúpaí a phlé. Ansin scríobhadh na páistí achoimre ar chur amú airgead na scoile faoi láthair, ag maíomh, dar leo, áit a bhfuil airgead á chur amú agus ag liostú a bhfuil le déanamh. Nuair atá seo déanta, cuir cuid de na hachoimrí chuig an Phríomhoide le haghaidh aiseolais!

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Trí
Mise agus Airgead

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- foghlaim faoi na himpleachtaí airgeadais ar thuismitheoirí nuair a thugann siad airgead póca; agus
- tosú a thuiscint go bhfuil soláthar teoranta airgid ar fáil do thuismitheoirí (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh do na páistí go mbeimid ag plé a thábhachtaí atá airgead póca inár saol féin agus an dóigh a rachadh sé seo i bhfeidhm ar ár dtuismitheoirí agus ar na daoine thart orainn.

Iarr ar an rang machnamh a dhéanamh ar a gcuid airgead póca agus déan plé gairid sa rang trí na heochaircheisteanna seo a leanas a úsáid:

- Cá mhéad airgead póca a fhaigheann tú?
- Cé chomh minic a fhaigheann tú é?
- Cad é air a gcaitheann tú é?
- An gcuireann tú airgead ar bith i dtaisce?
- Cad é a dhéanann tú le hairgead póca a shaothrú?

Tabhair amach an leathanach 'Mise agus Airgead' (Áis A) agus iarr ar na páistí nótaí a dhéanamh ar na chéad 3 bhosca. Roinneann daltaí a gcuid smaointe le cur chuige **Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt*** a úsáid chun na ceisteanna seo a phlé. Sa phlé seo, díreoidh páistí ar an dóigh a n-úsáideann siad a gcuid airgead póca. Má tá páistí ann nach bhfaigheann airgead póca, thiocfadh leo plé a dhéanamh ar na pointí ar son agus in éadan airgead póca a fháil, mar shampla, an gceannaíonn a dtuismitheoirí na rudaí atá de dhíth orthu nó an bhfaigheann siad bronntanais mar dhuais ar dhea-iompar nó as a bheith ag cuidiú sa teach srl.

Iarr ar an rang machnamh a dhéanamh ar airgead a dtuismitheoirí agus na heochaircheisteanna seo a leanas a phlé:

- Cá bhfaigheann a dtuismitheoirí airgead?
- Cad é air a gcaitheann siad a gcuid airgid?

Ansin comhlánaíonn páistí an chuid lárnach d'Áis A. Roinneann daltaí a gcuid smaointe trí chur chuige **Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt*** a úsáid.

Úsáideann páistí an teicnic '**Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt**' maidir lena gcuid smaointe ar cé acu ba chóir dóibh tuilleadh airgead póca a fháil nó nár chóir. Iarr ar na páistí dhá ghrúpa a chruthú – iad siúd atá ina leith agus iad siúd nach bhfuil – ansin déantar plé ar an ábhar. Mar obair bhreise, iarr ar na páistí paragraf a scríobh ar 'Ar chóir dom airgead póca a fháil?'

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Ceathair
Buiséadú sa Seomra Ranga

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta an tábhacht a bhaineann le bheith cúramach le hacmhainní ar scoil a thuiscint;
- bheith ábalta a thábhachtaí atá luach ar airgead agus ceannach sladmhargaidh a phlé (ÚMata);
- bheith ábalta scarbhileog a úsáid le fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach [ÚTFC]; agus
- bheith ábalta féidearthachtaí a chruthú (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Le tús a chur leis an ghníomhaíocht, pléigh na dóigheanna a gcuirtear acmhainní amú sa seomra ranga. Luaigh le páistí go bhfuil buiséad cinnte ag múinteoirí le haghaidh acmhainní (de réir mhéid an ranga) agus an dóigh a gcaithfidh siad leabhair, rialóirí, criáin srl. a cheannach.

Socraigh buiséad cuí do cheanglais an ranga, mar shampla, £200 sa bhliain. Ina ngrúpaí, úsáideann páistí **Tiomsúchán Lipéad*** le liosta féidearthachtaí don seomra ranga a ghiniúint agus ansin úsáideann siad **Rangú Muileata*** lena liosta a chur in ord tosaíochta.

Ansin, agus catalóg acmhainní teagaisc in úsáid acu, faigheann na páistí an costas ar 100 peann luaidhe a cheannach ceann ar cheann agus ansin an costas atá orthu mar aonad. Pléigh an luach ar airgead agus ceannach earraí ar shladmhargadh sa chatalóg, mar shampla, tá £5 ar 100 scriosán – an luach maith ar airgead é seo mura bhfuil na scriosáin uilig de dhíth?

Ansin úsáideann an grúpa an leathanach 'Buiséad an tSeomra Ranga' (Áis B) agus na catalóga le foirm ordaithe a chomhlánú. Ansin úsáid scarbhileog leis na costais a áireamh trí na méideanna a mhéadú agus a laghdú chun an buiséad a bhaint amach.

Athraigh buiséad na bpáistí agus iarr ar gach grúpa a scarbhileoga a chur in ord tosaíochta agus a leasú leis an mhéid nua seo a mheaitseáil.

Tuairiscíonn gach grúpa a moltaí don rang, ansin pléann siad tuillteanas gach molta.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Cúig
An Turas Scoile Saor in Aisce

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta moltaí sa ghnáthshaol a phlé;
- bheith ábalta féidearthachtaí a ghiniúint (SSÁP);
- bheith ábalta plean a tháirgeadh mar bhall de ghrúpa (Cum); agus
- bheith ábalta taighde a dhéanamh mar bhall de ghrúpa (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag pleanáil turas scoile nach mbeidh costas ar bith air ach amháin an costas ar lón pacáilte.

Tabhair amach an leathanach 'Féidearthachtaí á nGiniúint' (Áis C) agus cuir na ceisteanna seo a leanas ar na páistí:

1. **Cén tasc atá ar intinn agat?**
   (Turas scoile saor in aisce a phleanáil.)

2. **Cé na féidearthachtaí ar féidir leat smaoineamh orthu?**
   Iarr ar gach beirt an oiread smaointe agus is féidir a chumadh, ansin déan iad a thabhairt le chéile mar rang lena gcuid smaointe a phlé. Tabhair tuilleadh ama do na páistí féidearthachtaí eile a chruthú agus comhlánaigh an bosca ar bharr.

3. **An féidir leat na féidearthachtaí a chatagóiriú?**
   Treoraigh an rang lena gcuid smaointe a chatagóiriú. B'fhéidir gur mhaith leat, más gá, ceannteidil áirithe a mholadh, mar shampla, 'féidearthachtaí spraíúla', féidearthachtaí oideachasúla', 'féidearthachtaí eachtrúla'.

4. **An dtig leat smaoineamh ar fhéidearthachtaí neamhchoitianta ar bith?**
   D'fhéadfaí féidearthachtaí eile ach leasuithe iontu a úsáid arís nó dhá fhéidearthacht a bhí ann cheana a chumasc le chéile.

Ansin roghnaíonn na páistí féidearthacht amháin agus déanann siad plean don lá.

Gníomhaíocht a Sé
Gluais d'Fhocail Airgeadais

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh páistí:

- an dóigh le teanga thuairisciúil a úsáid ar mhaithe le héifeacht áirithe a thuiscint (Cum);

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Agus **Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt*** in úsáid, bíodh deis ag na páistí focail agus frásaí a bhaineann le hoideachas airgeadais agus le hairgead a ghiniúint. Ina ngrúpaí, iarr ar na páistí smaoineamh ar dhóigheanna chun iad seo a ghrúpáil.

Mar ghníomhaíocht ranga, cruthaigh gluais ar fhocail airgeadais lena taispeáint sa seomra ranga. Is féidir cur leis seo le linn an aonaid.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc



RANNÁN 02

Cad é Mar a Thig Linn Cuidiú Linn Féin agus le Daoine Eile a Bheith Níos Freagraí le hAirgead?

Gníomhaíocht a Seacht
Ag Bainistiú do Chuid Airgid

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta an tábhacht le bainistiú airgid a thuiscint (ÚMata);
- eolas a chur ar na rudaí a théann i bhfeidhm ar a dtuairimí, ar a gcuid mothúchán agus ar a n-iompar; agus
- dul i mbun mhórcheisteanna an ghnáthshaoil a fhiosrú.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí a dtuairimí a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas:

'Níor chóir do thuismitheoirí airgead póca a thabhairt dá gcuid páistí ach uair amháin sa tseachtain, seachas gach lá, sa dóigh nach gceannóidh siad milseáin ná bia beagmhaitheasa ar an bhealach chun na scoile agus abhaile.'

Mínigh do na páistí go n-áirítear scileanna bainistithe airgid ar an chúigiú réimse is tábhachtaí ba chóir a theagasc do pháistí, sin ag teacht i ndiaidh an Bhéarla, na matamaitice, eolaíochtaí agus teangacha. Is torthaí iad seo de shuirbhé ar 2,424 duine a rinne YouGov i Mí an Mhárta 2006.
Iarr ar an rang dul siar ar Ghníomhaíocht 3 agus ar an dóigh a gcaitheann siad a gcuid airgead póca. Mínigh gur féidir a gcuid airgead póca a úsáid ar 3 dhóigh:

- Roinnt – tabhartais don eaglais nó do charthanas, bronntanais lá breithe don teaghlach nó do chairde
- Caiteachas – ar bhréagáin, ar mhilseáin, ar éadaí agus ar shiamsaíocht.
- Coigilt – ar an mheán, cuirtear idir 10 agus 20% d'airgead póca i dtaisce le haghaidh ruda a bhfuil costas níos mó ná an liúntas seachtainiúil air.

Cuir an rang ina bpléghrúpaí beaga. Tabhair amach an leathanach 'Aincheisteanna Airgid' (Áis D). Pléann na grúpaí na haincheisteanna agus aontaíonn siad ar réitigh.

Gníomhaíocht a hOcht
Leideanna le hAirgead a Shábháil

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- tuairimí eolacha ar choigilt airgid a fhorbairt (ÚMata); agus
- bheith ábalta tuairimí a mhíniú (SSÁP agus Cum).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar an rang labhairt ar dhóigheanna a gcuirtear airgead amú ar scoil. Scríobh gach freagairt léi féin ar leathanach smeach-chairte, agus 6 cinn ar a laghad de fhreagairtí na bpáistí a thaifeadadh.

I dtaca le gach freagairt, iarr ar na páistí tagairt do ghníomh is féidir a dhéanamh le hairgead a shábháil agus scríobh é seo ar an leathanach cuí.

Tabhair 3 chnaipe ghreamaitheacha do gach páiste sa rang. Mínigh don rang go mbeidh straitéis **Vótáil Cnaipí*** in úsáid acu leis na smaointe nó na roghanna is tábhachtaí dar leo féin a roghnú. Nuair atá an rogha déanta ag gach páiste, faigh amach cé na smaointe/roghanna is coitianta.

Táirgeadh na páistí bileog ina bhfuil 3 mholadh ar an dóigh le méid an airgid a chuirtear amú ar scoil a laghdú. Iarr ar na páistí na bileoga seo a thabhairt amach do ranganna eile sa scoil.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Naoi
Feachtas le Bheith Cliste le hAirgead

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- freagracht ar airgead agus ar úsáid acmhainní a fhorbairt (ÚMata);
- bheith eolach ar an dóigh le bheith ag obair i róil éagsúla i ngrúpa agus freagracht a ghlacadh as tascanna cuí (SSÁP);
- bheith ábalta na modhanna is cuí a roghnú maidir le tasc ar leith (Cum & SSÁP); agus
- TFC a úsáid le smaointe a fhorbairt agus a chur in iúl (ÚTCF).



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh don rang go mbeidh feachtas 'Cliste le hAirgead' á phleanáil agus á chur i bhfeidhm acu lena chur in iúl do dhaoine an dóigh a bhféadfadh siad airgead a shábháil trí chinntí agus roghanna níos fearr a dhéanamh. Beidh réimse modhanna éagsúla in úsáid ag na páistí le tacú leis an fheachtas:

- póstaeir
- fógra nuachtáin
- fógra raidió nó teilifíse
- cur i láthair PowerPoint nó taispeántas sleamhnán do pháistí níos óige

Déan ceithre ghrúpa den rang agus tabhair an rogha dóibh a shocrú cén tasc a dhéanfaidh gach grúpa. Tabhair an cárta taisc cuí do gach grúpa lena mhíniú cad é atá le déanamh (féach Áis E).

Iarr ar an rang 3 pháiste a ainmniú le labhairt leis an Phríomhoide ar an dóigh ar féidir an feachtas a chur ar bun sa scoil. Bíodh am ag na páistí seo le hullmhú don chruinniú leis an phríomhoide agus le haiseolas a thabhairt don chuid eile den rang. Pléigh leis an rang cé na hábhair ba chóir a scaipeadh sa phobal agus an dóigh leis seo a dhéanamh.

Tionscadal Sínte

Gníomhaíocht Roghnach
Dialann Airgid

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta faisnéis a bhainistiú (SSÁP);
- sonraí a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair agus tátail a bhaint (ÚTCF); agus
- bheith ábalta scarbhileog a úsáid le fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach (ÚTCF).



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

I gcúrsa seachtaine, coinníonn na páistí taifead ar a gcaiteachas i ndialann airgid. Pléigh na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla:

- bia
- éadaí
- pictiúrlann
- cluichí
- caitheamh aimsire
- ceol
- bronntanais
- tabhartais

Iarr ar na páistí, ina bpéirí, bileog bhailithe sonraí dá gcuid féin a dhearadh. Mar rang, pléann siad na pointí i leith agus in éadan dearadh gach duine eile agus cinneann siad, más gá, a gceann féin a leasú. Ansin, féadann na páistí dialann airgid dá gcuid féin a dhearadh agus TFC in úsáid acu.

Iarr ar na páistí na dialanna airgid a chomhlánú ar feadh seachtaine, le taifead a choinneáil ar cad é air a gcaitear an chuid is mó dá gcuid airgid. (Ní bheidh an ghníomhaíocht seo cuí más rud é nach bhfaigheann formhór na bpáistí airgead póca!) Sa seisiún iomlánach, iarr ar na páistí smaoineamh ar dhóigheanna a dtig leo airgead a shábháil.

Gníomhaíocht Roghnach
An Fiú Airgead a Shábháil?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar an dóigh le dul i bpáirt agus freagracht a ghlacadh (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Bunaithe ar thoradh na ndialann airgid, iarr ar na páistí smaoineamh ar cé acu ba chóir dóibh airgead a shábháil nó nár chóir. Abair leis an rang go mbeidh siad ag glacadh páirte i ndíospóireacht. Déan dhá ghrúpa de na páistí, caithfidh grúpa amháin an argóint a chur chun cinn gur rud tábhachtach é airgead a shábháil, áitíonn an grúpa eile nach rud tábhachtach é airgead a shábháil.

Tá cúig bhomaite ag na páistí an argóint a ullmhú. Spreag iad leis na dearcthaí éagsúla a bheadh ag daoine faoi choigilteas airgid a léiriú.

Le deireadh a chur leis an ghníomhaíocht, iarr ar na páistí páirt a ghlacadh sa ghrúpa a léiríonn a ndearcadh pearsanta ar choigilt airgid.

Deis Taispeántais sa Seomra Ranga
Gealltanais Airgid

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar an dóigh le dul i ngleic le fadhb.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir ina luí ar na páistí gur féidir linn difear mór a dhéanamh faoi chur amú airgid nuair a oibrímid le chéile ar athruithe beaga áirithe. Tabhair amach roinnt cóipeanna den leathanach 'Gealltanas Airgid' (Áis F) do gach dalta agus iarr orthu 'gealltanas airgid' a scríobh taobh istigh d'imlíne an bhoinn airgid. Taispeánfaidh an gealltanas seo an rún atá ag an pháiste laghdú ar airgead a chur amú. Cuir na gealltanais airgid ar taispeáint thart ar an seomra ranga.

Iarr ar na páistí na gealltanais airgid a oiriúnú ina gcomharthaí coigilte airgid lena ndáileadh ar ghnólachtaí áitiúla, ar an ionad pobail, ar an chumann óige srl.

RANNÁN

Cad é Mar Is Féidir Linn a Thuilleadh a Fhoghlaim faoi Airgead?

03

Gníomhaíocht a Deich
Sa Bhaile nó As Baile – Praghsanna a Chur i gComparáid Lena Chéile

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- machnamh ar a gcultúr féin agus é a chur i gcomparáid le cultúir daoine eile;
- taithí siopadóireachta agus costais siopadóireachta ina dtír féin agus i dtíortha eile i gcomparáid lena chéile (ÚMata);
- faisnéis a bhainistiú (SSÁP); agus
- TFC a úsáid le taighde a dhéanamh, faisnéis a roghnú agus a úsáid (ÚTFC).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí an chomparáid idir siopadóireacht i dTuaisceart Éireann agus i dtíortha eile a phlé. Oibríonn na páistí ina ngrúpaí agus **Tonnadóir na nIdéanna*** in úsáid acu chun smaointe a ghiniúint. Iarr ar láithreoir amháin as gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair.

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a chur praghsanna i dTuaisceart Éireann i gcomparáid le praghsanna sa Fhrainc.

Ina mbeirteanna, smaoiníonn páistí ar a gceannaíonn a dteaghlach in ollmhargadh. Úsáid an tábla ar leathanach 'Sa Bhaile nó As Baile – Praghsanna a Chur i gComparáid le Chéile' (Áis G) le 20 rud a cheannaíonn a dteaghlach a thaifeadadh. Féadann siad praghsanna na rudaí seo a fháil ar shuíomhanna gréasáin ollmhargaí nó ar bhileoga nó ar bhróisiúir ollmhargaí a bhailítear sa bhaile.

Iarr ar na páistí costas na rudaí seo a fháil dá gceannódh siad sa Fhrainc iad .i. ina Euro. Úsáid na rátaí malairte is déanaí agus áireamháin leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

Más £1 = €1.30 an ráta, iolraigh an costas ina bpuint faoi 1.30 leis an chostas ina Euro a fháil. Mar shampla, 65p: 0.65 x 1.30 = 85 cent.

Anois cuir na meastacháin seo i gcomparáid le fíorchostas na dtáirgí céanna sa Fhrainc. Is féidir iad seo a fháil ar shuíomhanna gréasáin mar www.ooshop.com nó www.auchandirect.fr/frontoffice. Iarr ar na páistí an chomparáid ar phraghsanna a rinne siad a léirmhíniú agus a shocrú cén tír is saoire le cónaí inti.

Is féidir leat, más cuí, an ghníomhaíocht seo a shíneadh le hairgeadraí/tíortha eile a chur san áireamh.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a hAon Déag
Praghsanna san Am atá Thart a Chur i gComparáid lena Chéile

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta faisnéis a bhainistiú (SSÁP);
- praghsanna ar rudaí éagsúla anois agus san am atá thart a chur i gcomparáid lena chéile;
- tosú a thuiscint an fáth a n-athraíonn praghsanna thar am; agus
- bheith ábalta TFC a úsáid le faisnéis a aimsiú (ÚTFC).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Pléigh leis an rang an costas ar rudaí sa lá atá inniu ann. Ar thug siad faoi deara gur ag éirí níos saoire nó níos daoire atá costas milseán/bréagán/caitheamh aimsire? An mbíonn a dtuismitheoirí/seantuismitheoirí ag gearán faoi chostas rudaí? An labhraíonn siad ar na 'seanlaethanta' nuair a gheobhadh siad briseadh as punt i ndiaidh buidéal cola, mála brioscáin phrátaí agus ticéad bús isteach chun an bhaile mhór a cheannach. Cé go raibh praghsanna níos ísle san am a chuaigh thart, ba lú i bhfad an tuarastal a fuair daoine. Cad é a chiallaíonn sé seo i ndáiríre?

Mínigh don rang gurb é 'boilsciú' an téarma atá ar chostas táirgí agus seirbhísí ag ardú. Caithfear boilsciú a rialú ionas go mbeidh tuairim againn faoi na rudaí a thig linn a cheannach lenár gcuid airgid inniu, an tseachtain seo chugainn, an bhliain seo chugainn agus an bhliain dár gcionn. Is é Banc Shasana a rialaíonn boilsciú sa tír seo.

Tabhair amach an tábla 'Praghsanna in 1977' (Áis H) agus iarr ar na daltaí an ceacht ar Phraghsanna a Chur i gComparáid Lena Chéile a chomhlánú. Is féidir leo faisnéis ar phraghsanna an lae inniu a fháil ar shuíomhanna gréasáin ollmhargaí áitiúla. Mar ghníomhaíocht leanúnach, d'fhéadfadh siad an áis chríochnaithe a thabhairt abhaile agus iarr ar a seantuismitheoirí/ar a dtuismitheoirí cur leis an liosta.

Gníomhaíocht a Dó Dhéag
Capall an tSaoil an tAirgead

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh páistí:
- an gá le hairgead agus le hairgeadra a thuiscint;
- a bheith eolach ar na fadhbanna a bhain le babhtáil fadó; agus
- a bheith ábalta sonraí faisnéise a rangú agus a chur i gcomparáid (SSÁP).

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Agus an cur chuige **Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt*** in úsáid, iarr ar na páistí bheith ag smaoineamh ar cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn. Glac aiseolas ó na beirteanna agus pléigh leis an rang iomlán.

Mínigh don rang go bhfaighidh siad a lán eolais ar:-
- Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn?
- Cén dóigh a bhfeidhmíonn airgead?
- Cad chuige a bhfuil airgeadra de dhíth?

Déan 3 ghrúpa den rang agus tabhair ceann amháin de na ceisteanna thuas do gach grúpa le taighde a dhéanamh uirthi. Tabhair amach na cártaí cuí ó Áis I do gach grúpa. Bíonn cur chuige '**Gach Ceann Teagasc Ceann**' in úsáid ag gach grúpa le heolas a roinnt ar bhaill an ghrúpa. B'fhéidir go mbeadh ort téarmaí amhail **earraí, seirbhísí, airgeadra** agus **babhtáil** a mhíniú sula dtugann na páistí faoin ghníomhaíocht seo.

Pléann na grúpaí agus bailíonn siad na heochairphointí ón fhaisnéis le chéile agus ansin tuairiscíonn siad ar ais don chuid eile den rang. D'fhéadfadh na grúpaí bileog faisnéise a chruthú ansin lena cur ar taispeáint sa seomra ranga.

Tabhair cóip den leathanach 'Cad Iad Fadhbanna na Babhtála' (Áis J) agus iarr orthu na fadhbanna a bhaineann le babhtáil a ghearradh amach agus iad a chur in ord tosaíochta. Pléigh coincheap na babhtála agus an gá le tomhas caighdeánach luacha .i. **airgeadra** atá inghlactha do gach duine.

Gníomhaíocht a Trí Déag
Céad Chéim i dTreo Airgeadra

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- eolas a chur ar an dóigh a gcuidíonn stair na mbonn linn, an dóigh a n-oibríonn airgead sa lá atá inniu ann a thuiscint;
- bheith ábalta modhanna a úsáid le sonraí faisnéise a chomhordú agus a thaifeadadh (SSÁP); agus
- bheith ábalta fianaise a fhiosrú agus naisc a dhéanamh idir tréimhsí éagsúla san am a chuaigh thart.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Sa ghníomhaíocht seo déanfaidh na páistí taighde ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad é a rinneadh sula raibh aon airgead ann?
- Cad chuige ar ceapadh boinn?
- Cad chuige ar ceapadh nótaí?

I dtosach báire, déanann na páistí achoimre ar na fáthanna ar fhadhb í an bhabhtáil fadó (féach Áis J).

Déan 3 ghrúpa den rang agus iarr ar gach grúpa acu taighde a dhéanamh ar cheann amháin de na ceisteanna thuas. Léann na grúpaí Áis K agus tugann siad aird ar na píosaí ina bhfuil an phríomhfhaisnéis, dar leo. D'fhéadfaí an phríomhfhaisnéis seo a chur i láthair ar leathanach A3 amháin. I ndiaidh a ndóthain ama taighde, úsáideann páistí an cur chuige **Fan Nóiméad*** lena gcuid torthaí a chur i láthair don chuid eile den rang.

Mar ghníomhaíocht shínte, cruthaíonn páistí **Léarscáil Intinne*** leis an fhaisnéis iomlán a fuair siad a thabhairt le chéile agus a struchtúrú.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht a Ceathair Déag
Airgeadraí a Chur i gComparáid Lena Chéile

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta airgeadraí éagsúla a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile (SSÁP);
- eolas a chur ar an dóigh chun puint a thiontú ina n-airgeadra eachtrannach (ÚMata); agus
- eolas a chur ar fhoirmeacha eile airgid.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí smaoineamh ar an dóigh a gcaitheann siad a gcuid airgid ar a laethanta saoire. Úsáideann páistí an teicníc '**Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt**' le hairgeadraí éagsúla agus na tíortha a úsáideann iad a liostú.

Déan grúpaí den rang agus, más féidir, taispeáin nótaí agus boinn ó airgeadraí éagsúla do na páistí. Pléann siad na gnéithe atá i gcoitinne acu agus na dóigheanna a bhfuil siad éagsúil lena chéile agus **Tonnadóir na nIdéanna*** in úsáid acu. Roinneann na grúpaí a smaointe leis an chuid eile den rang.

Taispeáin na rátaí malairte d'airgeadraí éagsúla do na páistí (úsáid rátaí atá measartha simplí) agus achoimrigh na háirimh a bhí i nGníomhaíocht 10. Oibríonn na páistí le chéile lena fháil amach cá mhéad a gheobhadh siad ar £10, ar £5 agus ar £20 sna hairgeadraí éagsúla seo.

Mar rang iomlán, pléigh na rátaí éagsúla malairte agus na ceisteanna seo a leanas in úsáid:

- Cé acu airgeadra is fusa a thiontú?
- Cén dóigh a n-úsáidfeá áireamhán le cuidiú leat?
- Cá háit a bhfaighfeá airgeadra eachtrannach?
- Cá háit a bhfaighfeá eolas ar rátaí malairte?

Cuireann páistí focail nua leis an ghluais de théarmaí airgeadais.

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Gníomhaíocht Roghnach
Do Nóta Bainc Féin a Dhearadh

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- eolas a chur ar shainghnéithe nóta bainc;
- bheith in ann scileanna breathnaithe a úsáid le cur síos ar nóta bainc (Cum); agus
- bheith ábalta a nóta bainc féin a dhearadh agus a chruthú.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Suíonn na páistí, ina bpéirí, 'droim le droim'. Caithfidh duine amháin acu cur síos ar nóta bainc atá aige agus caithfidh an duine eile é a tharraingt ar phíosa páipéir de réir an chur síos a thugtar (féach straitéis **Droim Le Droim** *).

Iarr ar na páistí, ina bpéirí, machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil nóta bainc éagsúil le píosa páipéir a bhfuil uimhir air.

Mínigh do na páistí go ndearnadh dearadh nótaí bainc chomh casta sin ag Banc Shasana gur deacair iad a chóipeáil. Tugann na gnéithe slándála seo an mhuinín dúinn le bheith cinnte go nglacfar lenár gcuid airgid áit ar bith sa RA mar íocaíocht. Fágann na gnéithe dearaidh seo nach ndéantar ach líon an-bheag de nótaí bréige.

Iarr ar na páistí na nótaí bainc a sheiceáil le haghaidh na ngnéithe seo a leanas:
- an cineál páipéir
- cló ardaithe
- marc uisce
- snáth miotail
- cáilíocht na clódóireachta (dathanna soiléire, línte géara)
- holagram scragaill
- micrilitreacha (beidh gloine formhéadúcháin de dhíth orthu lena fheiceáil)
- gné fhluaraiseach (bíonn bosca ina bhfuil solas ultraivialait in úsáid ag siopadóirí leis seo a fheiceáil)

Dearann agus cruthaíonn na páistí a nóta bainc féin. Iarr orthu na ceisteanna seo a leanas a chur san áireamh agus an nóta á dhearadh:

1. Cén dóigh a gcinnteoidh tú go mbeidh sé deacair a chóipeáil?
2. Cé na híomhánna a chuirfidh tú air lena mheabhrú do dhaoine cad iad na rudaí a dtig linn a bheith bródúil astu?
3. Cén cineál ábhar a bheidh in úsáid agat?
4. An úsáidfidh tú TFC?

* Féach Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc



Deiseanna Foghlama Breise

- Pléigh a thábhachtaí atá éide scoile. Cuir na costais a bheadh i gceist le héide scoile a chaitheamh agus do chuid éadaí féin a chaitheamh i gcomparáid lena chéile.
- Dear clós súgartha agus faigh an costas a bheadh air de réir buiséid.
- Eagraigh ócáid charthanachta agus coinnigh taifead ar an airgead iomlán a bhailítear.
- Cuir dhá admháil siopadóireachta i gcomparáid lena chéile agus pléigh na háiteanna ar féidir airgead a shábháil.
- Eagraigh picnic scoile de réir buiséid.
- Scríobh dánta nó rapcheol agus cuir i láthair iad le cuidiú le daoine airgead a shábháil.
- Scríobh litir chuig cara ag míniú dó an dóigh ar féidir leis a bheith níos freagraí le hairgead.
- Úsáid TFC le taighde a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtí airgead san am a chuaigh thart agus pléigh an dóigh a dtéann cúrsaí airgeadais i bhfeidhm ar a saol. Is féidir go mbeidh na suíomhanna gréasáin seo a leanas ina gcuidiú: www.bankofengland.co.uk nó www.britishmuseum.ac.uk
- Scríobh cur síos ar d'airgead póca, cad é air a gcaitheann tú é agus cén dóigh ar féidir leat airgead a shábháil.
- Scríobh agus glac páirt i ndráma nó i rólghlacadh atá bunaithe ar an chóras babhtála.
- Pleanáil turas scoile saor in aisce.
- Cuir an costas ar lón sláintiúil scoile agus ar lón mishláintiúil scoile i gcomparáid lena chéile (féach lch19, **Luaigh Airgead, Déan Réitigh, Learning and Teaching Scotland**)

Áiseanna

Áis A
Mise agus Airgead

Ainm:	Dáta:

M'Airgead Póca	Cad é a dhéanaim le hairgead póca a shaothrú?	Cad é air a gcaithim mo chuid airgid?

Cá has a bhfaigheann mo thuismitheoirí a gcuid airgid?	Cad é air a gcaithfidh mo thuismitheoirí airgead a chaitheamh?

Ar chóir dom airgead póca a fháil?	Ar chóir dom a thuilleadh airgead póca a fháil?

Áis B
Buiséad an tSeomra Ranga

BILEOG PLEANÁLA AIRGEADAIS				
Táirge	Líon	Praghas Aonaid	Praghas Iomlán	Costas Reatha

Áis C
Féidearthachtaí á nGiniúint



Áis D
Aincheisteanna Airgid

Gearr amach na hocht gcás ar an bhileog oibre seo agus tabhair ceann amháin do gach grúpa.

Pléann na grúpaí na haincheisteanna agus aontaíonn siad ar réitigh.

Cás 1
Thug tú cuid de d'airgead póca ar iasacht do chara. Thug do chara gealltanas duit go dtabharfadh sé é ar ais duit an lá dár gcionn, ach níor thug. Seachtain ina dhiaidh agus tá an t-airgead de dhíth ort. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 2
Thug tú airgead ar iasacht do chara. Thug do chara an t-airgead ar ais duit. Seachtain ina dhiaidh thug do chara an t-airgead duit an dara huair. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 3
Téann tusa agus do chara chuig an phictiúrlann. Ba mhaith le do chara popghrán rósta a cheannach ach níl go leor airgid aige. Tá airgead breise agat i do phóca. Cad é a dhéanfaidh tú agus cad chuige?

Cás 4
Ar do bhealach abhaile ón scoil, tagann tú ar sparán a bhfuil £200 ann. Tá sonraí an úinéara taobh istigh den sparán. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 5
Tagann tú ar sparán a bhfuil £100 ann, ach níl rud ar bith ann faoin úinéir. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 6
Téann tú chuig an phictiúrlann le do chara. Níl ach leathphraghas le híoc ag páiste atá 10 mbliana d'aois nó níos óige. Tá tú díreach i ndiaidh do bhreithlá 11 bhliain a cheiliúradh. Síleann an díoltóir ticéad gur faoi bhonn 10 mbliana atá tú. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 7
Cuireann tú do chuid airgead póca i bpóca do chóta. An tráthnóna sin, faigheann tú amach go bhfuil an t-airgead ar iarraidh. Tá sé caillte agat. Cad é a dhéanfaidh tú?

Cás 8
Iarrann do mháthair ort dul go dtí an siopa le dhá rud a cheannach don suipéar. Tugann sí nóta £10 duit. Nuair a thagann tú abhaile tá briseadh £3.80 agat. Cad é a dhéanfaidh tú?

Áis E
Cártaí Don Fheachtas le Bheith ‘Cliste le hAirgead’

Tasc 1: Feachtas Póstaeir
Tá ort póstaer a tháirgeadh le daoine a spreagadh le hairgead a shábháil. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh i do phóstaer: **A – Aird** Ba chóir go dtarraingeodh sé aird. Tá úsáid dathanna/grafaicí tábhachtach. **S – Spéis** Ba chóir go mbeadh sé inléite go gasta agus suimiúil. **D – Dúil** Ba chóir go spreagfadh sé lucht a léite chun airgead a shábháil. **G – Gníomh** Ba chóir go spreagfadh sé lucht a léite athruithe a dhéanamh maidir leis an dóigh a n-úsáideann siad airgead.
Dearadh Póstaeir Nuair atá póstaer á dhearadh agat, cuimhnigh: • an fhaisnéis iomlán atá de dhíth a thabhairt; • pictiúir agus dathanna éagsúla a úsáid; agus • iarracht a dhéanamh é a leagan amach ar dhóigh gheal tharraingteach. Seo an fhaisnéis ba chóir a bheith ar an phóstaer: • ainm an fheachtais; • an fáth ar chóir do dhaoine airgead a shábháil; • cad é a thig le daoine a dhéanamh chun airgead a shábháil; agus • an áit le tuilleadh eolais a fháil
Cur i láthair Póstaeir Nuair a bheidh an póstaer pleanáilte, tarraingthe agus dathaithe agat beidh ort é a chur i láthair an chuid eile den rang. Déan iarracht do ghrúpa iomlán a thabhairt isteach sa chur i láthair. Seo roinnt leideanna a bheidh ina gcuidiú: • Sula dtaispeánann tú an póstaer, cuir do chuid oibre i láthair ar bhealach beoga. • Luaigh na smaointe a bhí agat agus an póstaer á phleanáil agat. • Cuir do phóstaer ar taispeáint agus tarraing aird an ranga ar an dóigh a gcuireann sé na gnéithe seo a leanas san áireamh: – Aird – Spéis – Dúil – Gníomh Mínigh chomh maith an dóigh a gcuireann sé an teachtaireacht ‘airgead a shábháil’ in iúl.

Áis E
Cártaí don Fheachtas le Bheith ‘Cliste le hAirgead’

Tasc 2: Fógra Nuachtáin
Tá ort fógra nuachtáin/irisleabhair lánleathanaigh (A3) a tháirgeadh don fheachtas le bheith ‘Cliste le hAirgead’. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh i d’fhógra: **A – Aird** Ba chóir go dtarraingeodh sé aird daoine a léann an nuachtán/irisleabhar. **S – Spéis** Ba chóir go mbeadh sé inléite go gasta agus suimiúil. **D – Dúil** Ba chóir go spreagfadh sé lucht a léite le hairgead a shábháil. **G – Gníomh** Ba chóir go gcuirfeadh sé in iúl do lucht a léite cén dóigh ar féidir airgead a shábháil.
Dearadh Fógra Nuachtáin Ba chóir go mbeadh d’fhógra in ann: • aird daoine a tharraingt nuair a léann siad an nuachtán; • a bheith suimiúil le hamharc air agus a léamh; • daoine a spreagadh le hairgead a shábháil; agus • a chur in iúl do dhaoine an dóigh le hairgead a shábháil.
Cur i láthair Fógra Nuachtáin Nuair a bheidh an fógra críochnaithe agat beidh ort é a chur i láthair an chuid eile den rang. Déan iarracht do ghrúpa iomlán a thabhairt isteach sa chur i láthair. Seo roinnt leideanna a bheidh ina gcuidiú: • Cuir an fógra i láthair ar bhealach beoga; • Inis don rang an fáth, dar leat, a dtabharfaidh sé ar dhaoine airgead a shábháil.

Áis E
Cártaí don Fheachtas le Bheith ‘Cliste le hAirgead’

Tasc 3: Fógra Raidió nó Teilifíse
Fógra Raidió/Teilifíse Tá ort fógra raidió 30 soicind a tháirgeadh don fheachtas le bheith ‘Cliste le hAirgead’. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh i d’fhógra: **A – Aird** Ba chóir go dtarraingeodh sé aird an lucht éisteachta/féachana. **S – Spéis** Ba chóir go gcruthódh sé suim ina bhfuil le rá agus sa dóigh a gcuirtear in iúl é. **D – Dúil** Ba chóir go spreagfadh sé an lucht éisteachta/féachana le hairgead a shábháil. **G – Gníomh** Ba chóir go gcuirfeadh sé in iúl don lucht éisteachta/féachana cén dóigh ar féidir airgead a shábháil.
Dearadh Fógra Raidió/Teilifíse Cuimhnigh a chur san áireamh: • ainm an fheachtais; • a bheith suimiúil le hamharc air agus a léamh; • faisnéis ar cad chuige ar gá dúinn airgead a shábháil; agus • an dóigh a dtig linn airgead a shábháil. Ba chóir go dtarraingeodh an fógra aird an lucht éisteachta/féachana, go mbeadh suim acu ann agus go mbeadh siad sáite ina bhfuil le rá agat. D’fhéadfá maisíochtaí fuaime nó gligín a úsáid leis an fhógra a fheabhsú.
Cur i láthair Fógra Nuachtáin Nuair a bheidh an fógra pleanáilte agat, cuirfidh tú i láthair an chuid eile den rang é. Déan iarracht do ghrúpa iomlán a thabhairt isteach sa chur i láthair.

Áis E
Cártaí don Fheachtas le Bheith ‘Cliste le hAirgead’

Tasc 4: Cur i Láthair PowerPoint
Tá ort cur i láthair gairid PowerPoint a tháirgeadh do ranganna eile ar ábhar an fheachtais le bheith ‘Cliste le hAirgead’. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh i do chur i láthair PowerPoint: **A – Aird** Ba chóir go dtarraingeodh sé aird an lucht féachana. **S – Spéis** Ba chóir go gcruthódh sé suim ina bhfuil le rá agus sa dóigh a gcuirtear in iúl é. **D – Dúil** Ba chóir go spreagfadh sé an lucht féachana le hairgead a shábháil. **G – Gníomh** Ba chóir go gcuirfeadh sé in iúl don lucht féachana cén dóigh ar féidir airgead a shábháil.
Dearadh cur i láthair PowerPoint Cuimhnigh iad seo a leanas a chur san áireamh: • ainm an fheachtais; • faisnéis ar cad chuige ar gá dúinn airgead a shábháil; • an dóigh a dtig linn airgead a shábháil; agus • roinnt bheag eolais ar gach sleamhnán. Ba chóir go dtarraingeodh an cur i láthair PowerPoint aird an lucht éisteachta, go mbeadh suim acu ann agus go mbeadh siad sáite ina bhfuil le rá agat. D’fhéadfá grafaic agus maisíochtaí fuaime a úsáid le béim a leagan ar chuid de na pointí tábhachtacha.
Cur i láthair Fógra Nuachtáin Nuair a bheidh an méid atá le rá agat le gach sleamhnán pleanáilte agat, cuirfidh tú i láthair an chuid eile den rang é. Déan iarracht do ghrúpa iomlán a thabhairt isteach sa chur i láthair. Leideanna a bheidh ina gcuidiú:- • Úsáid an ghné nótaí ar PowerPoint le cuidiú leat cuimhneamh ar a bhfuil le rá agat; agus • Beidh an ghné Dearadh in PowerPoint ina chuidiú agat do shleamhnáin a dhéanamh níos suimiúla.

Áis F
Gealltanas Airgid

Áis G
Sa Bhaile nó As Baile – Praghsanna a Chur i gComparáid lena Chéile

Earraí	Costas ina bPuint (£) Tuaisceart Éireann	Costas Measta ina Euro (€) Leid: Más ionann £1 agus €1.30, ansin iolraigh an costas ina bpuint faoi 1.3.	Fíorchostas ina Euro (€)

Áis H
Praghsanna in 1977

Earra	1903	1911	1917	1927	1937	1947	1957	1967	1977	1987	1997
1 lb Ime (ardchaighdeán) Luach £	1s4d £2.98	1s5d £2.98	2s1d £2.57	1s9d £2.31	1s3d £1.67	1s4d £1.95	2s3d £1.43	3s6d £1.78	55p £1.85	£1.04* £1.64	£1.68*
1 lb Cáise (Céadar Lánaibí) Luach £	10d £1.83	10d £1.68	1s4d £1.59	1s4d £1.54	1s2d £1.67	1s11d £1.98	3s0d £1.95	4s0d £2.04	70p £2.35	£1.72 £2.61	£2.67
1/4 lb nó 125g Tae (Lipéad Dearg de chuid Sainsbury) Luach £	3¾d 69p	4½d 84p	8d 86p	6½d 77p	5d 56p	8½d 73p	1s4d 85p	1s5d 71p	16p 54p	37p* 56p	46p*
1 lb Bagúin (Droim deataithe Wiltshire) Luach £	11d £2.06	11d £1.90	2s3d £2.69	1s6d £1.92	1s6d £2.09	2s0d £2.09	3s0d £1.95	5s4d £2.70	£1.08 £3.63	£1.75 £2.66	£2.19
Dosaen uibheacha (Ubh mhór) Luach £	1s3d £2.75	1s6d £3.16	2s3d £2.69	1s6d £1.92	2s6d £3.48	1s9d £1.88	3s0d £1.95	4s6d £2.30	57p £1.98	£1.13 £1.72	£1.65
* Pacaí den mhéid mhéadrach											

© Cartlann Sainsbury www.museumindocklands.org.uk/sainsburyarchive.

1. Úsáid an tIdirlíon nó bróisiúir le praghsanna na n-earraí thíos a fháil don lá inniu.

2. Ón tábla thuas, faigh praghsanna 1977.

3. Ríomh an difear idir praghas an lae inniu agus praghas 1977 agus scríobh seo sa tábla.

Earra	Praghas an lae inniu £	Praghas 1977 £	Difear idir praghsanna £
1 lb Ime			
1 lb Cáise			
125g Tae			
1 lb Bagúin			
Dosaen uibheacha			
Builín aráin			
½ dosaen úll			

Áis I

Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn? Tá airgead de dhíth orainn mar is dóigh é le híoc as rudaí.	**Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn?** Tá airgead de dhíth orainn leis na rudaí atá de dhíth orainn nó is mian linn a cheannach.
Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn? Saothraíonn ár dtuismitheoirí airgead agus úsáideann siad é le híoc as earraí agus as seirbhísí.	**Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn?** San áireamh le hearraí, tá bia agus éadaí. San áireamh le seirbhísí tá bearrthaí gruaige agus deisiúcháin.
Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn? Is dóigh úsáideach é lena bhfuil againn a stóráil. Ní éiríonn sé níos sine, ní imíonn sé as dáta nó ní thagann meirg air.	**Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn?** Is dóigh é an t-airgead le luach a thomhas.
Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn? Mura raibh dóigh ann le luach rudaí a thomhas, bheimis uile i bponc. Ní bheadh duine ar bith aontaithe ar an luach atá ar rudaí.	**Cad chuige a bhfuil airgead de dhíth orainn?** Tá an t-airgead ina chuidiú againn praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile. Tá a fhios againn gur fiú thart faoi phunt amháin ticéad bus nó dhá bharra seacláide.

Áis I *ar leanúint*

Cén dóigh a bhfeidhmíonn airgead? Is cineál airgeadra é an t-airgead.	**Cén dóigh a bhfeidhmíonn airgead?** Malartaímid boinn agus nótaí ar earraí agus ar sheirbhísí.
Cén dóigh a bhfeidhmíonn airgead? 9000 bliain ó shín san Aois Neoiliteach (an Nua-Chlochaois) thosaigh daoine ar fheirmeoireacht agus ar thrádáil. Thiocfadh leo bia nach raibh de dhíth orthu 'a dhíol' agus rudaí eile 'a cheannach'. Má bhí bó acu, mar shampla, agus cruithneacht de dhíth orthu, d'fhéadfadh siad an bhó a mhalartú ar chruithneacht.	**Cén dóigh a bhfeidhmíonn airgead?** Is é an fáth a dtig linn uilig airgead a úsáid ná go n-aontaímid agus go gcuirimid muinín ann go bhfuil luach aige. Aontaímid uile gur fiú é an méid atá scríofa air. Glacaimid leis gur fiú £5 nóta £5.
Cad chuige a bhfuil airgeadra de dhíth? D'fhéadfaí rud ar bith a úsáid mar airgeadra a fhad is go mbeadh sé inghlactha ag daoine.	**Cad chuige a bhfuil airgeadra de dhíth?** Tugadh babhtáil ar an chéad chóras malartaithe.
Cad chuige a bhfuil airgeadra de dhíth? Bhain a lán fadhbanna le babhtáil agus cuireadh an córas airgeadra ar bun mar sin.	**Cad chuige a bhfuil airgeadra de dhíth?** Bhí babhtáil i bhfeidhm le blianta fada agus is ionann í agus malartú.

Áis J
Cad iad na Fadhbanna a Bhaineann le Babhtáil

Gearr amach na ráitis seo agus cuir in ord iad ag tosú leis an cheann is tábhachtaí.

D'éirigh a lán earraí sean nó lobh siad agus níor choinnigh siad a luach.

Bhí sé deacair praghas earra amháin a chur i gcomparáid le praghsanna earraí eile.
Níl deireadh leis na féidearthachtaí.

Bhí ort dóigh a fháil leis na héagsúlachtaí sna luachanna a líonadh.
Mura raibh an luach céanna ar an dá earra, ní raibh sé furasta babhtáil a dhéanamh.

Ní raibh sé furasta na hearraí a iompar thart.

Bhí ort duine a fháil a raibh an rud a bhí agat de dhíth air agus ag a raibh an rud a bhí de dhíth ort féin.

Áis K
Scéal an Airgid

Cad é a Bhí Daoine a Dhéanamh Sula Raibh Aon Airgead Ann?

I gcás a lán sochaithe, sula raibh aon airgead ann, rinne daoine babhtáil leis na rudaí a bhí de dhíth orthu a fháil. Dá mbeadh sicín ag duine, mar shampla, thiocfadh leis uibheacha an tsicín a bhabhtáil ar mhéid gráin ó fheirmeoir. Nó thiocfadh le feirmeoir áirithe capall feirmeora eile a fháil ar iasacht lae mar mhalairt ar chuidiú a thabhairt dó an fómhar a bhaint.

Ní i gcónaí, áfach, a bhí sé furasta a bheith ag babhtáil. Ar an chéad dul síos, bhí ort duine a fháil a raibh an rud ba mhian leat aige agus ar mhaith leis an rud a bhí agatsa a bhabhtáil. B'éigean duit, fosta, aontú ar luach an ruda a bhí tú ag iarraidh a bhabhtáil (mar shampla, cá mhéad ubh a bheadh cothrom le mála amháin cruithneachta). Ba mhinic nach raibh na hearraí le babhtáil so-iompartha, rud a d'fhág go raibh sé deacair babhtáil le daoine ó bhailte eile. Bhí ort, chomh maith, cuid mhór earraí a bhabhtáil go gasta nó théadh siad ó mhaith thar am.

Bhí boinn agus nótaí ina réiteach ar chuid mhór de na fadhbanna a bhain le babhtáil.

Cad Chuige ar Ceapadh Boinn?

Rinneadh na chéad bhoinn timpeall 700 RC. Thosaigh na Sínigh ar bhoinn shimplí chruinne mhiotail a dhéanamh le poll cearnach sa lár (mar gurbh fhéidir a lán bonn a cheangal le chéile ar shreang). Rinne an tSeanmhuintir Lidiach (i dTuirc an lae inniu) boinn as meascán d'ór agus d'airgead agus stampáil siad iad le dearadh. Níorbh fhada go raibh an cineál seo bonn in úsáid ag a lán daoine thart timpeall na Meánmhara, na Gréagaigh, agus níos moille na Rómhánaigh, ina measc.

B'iomaí fáth a raibh na boinn úsáideach. Bhí siad furasta a iompar agus mhair siad tamall fada. Chuir daoine muinín i mboinn le haghaidh babhtála mar bhí luach comhaontaithe orthu. Bhí boinn ann ar luachanna éagsúla agus thiocfadh leat briseadh a thabhairt do dhaoine. D'fhág sé seo go raibh daoine ábalta iad a úsáid le praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile agus luach rudaí a shocrú.

Cad Chuige ar Ceapadh Nótaí?

Ní í gcónaí a bhí sé áisiúil boinn a úsáid. Dá mba mhaith leat rud an-daor a cheannach bheadh líon mór bonn de dhíth ort. Bhí na boinn trom le hiompar agus bhí an baol ann go bhfeicfeadh gadaithe iad. Bhí a lán miotal lómhar de dhíth le boinn a dhéanamh. D'fhág sé seo go raibh sé costasach boinn a dhéanamh agus dá mbeadh easpa miotail ann, bheadh ganntanas bonn ann. Bhí sé i bhfad níos fusa airgead páipéir a iompar agus a tháirgeadh.

Ba sa bhliain 118 RC a rinne na Sínigh an chéad chineál nóta páipéir. Ní raibh siad in ann go leor copair a aimsiú leis na boinn a bhí uathu a dhéanamh mar sin de d'úsáid siad píosa 30 cm de chraiceann fia le seasamh do 40,000 aonad d'airgead 'tirim' (líon bonn).

Ní raibh airgead páipéir in úsáid san Eoraip go dtí beagnach céad bliain níos moille. Ba iad na gaibhne óir a d'eisigh na chéad nótaí Eorpacha sa 16ú céad AC. Thiocfadh leat do bhoinn óir a fhágáil ag gabha óir chun iad a choinneáil sábháilte agus thabharfadh sé admháil ar an luach duit. Thosaigh daoine a úsáid na n-admhálacha le híoc as rudaí eile. Bhí a fhios acu dá dtabharfadh siad an admháil don ghabha óir go dtabharfadh sé na boinn óir ar ais. Ba ó na hadmhálacha sin a forbraíodh na nótaí bainc atá in úsáid againn sa lá atá inniu ann.

Ní ghlacann CCEA le freagracht ná le dliteanas ar bith as aon ábhar atá á sholáthar nó atá ar fáil ar aon cheann de na suíomhanna gréasáin nasctha agus ní fhormhuiníonn sé de riachtanas na dtuairimí a luaitear orthu. Ní thig linn a ráthú go n-oibreoidh na naisc seo an t-am ar fad agus níl smacht ar bith againn ar rochtain na leathanach nasctha.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning